Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

13237/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0063/A(COD)**

**CODEC 1372**
**EF 317**
**ECOFIN 1027**
**JAI 1131**
**JUSTCIV 166**
**EJUSTICE 93**
**COMPET 742**
**EMPL 456**
**SOC 606**
**DRS 51**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Márta 2018, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagail 53 agus 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 11 Iúil 2018[2].

3. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Samhain 2018[3].

[1] 7403/18
[2] IO C 367, 10.10.2018, lch. 43–49.
[3] IO L 444, 10.12.2018, lch. 15–16.

4. An 19 Deireadh Fómhair 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach é in PE- CONS 54/21 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 12845/21